# MO CHONAIR GHARIME VICTORIA

poistphoiblí
publicjobs

# Thosaigh Victoria a Gairm nuair a bhí sí 24 bliana d'aois agus oibríonn sí faoi láthair mar Eacnamaí (Oifigeach Riaracháin) sa Roinn Oideachais.

"Tugann an earnáil phoiblí deis duit cur le geilleagar agus sochaí na hÉireann agus iad a mhúnlú. Faigheann tú deis páirt a ghlacadhin obair fhiúntach a mbíonn tionchar aici ar shaoránaigh na hÉireann."

poistphoiblí
publicjobs



Rinne mé m'Ardteist in 2012, agus tairgeadh mo chéad rogha dom, agus rinne mé staidéar ar an Eacnamaíocht, ar an bPolaitíocht agus ar an Dlí in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Sa mheánscoil bhain mé an-sult as an eacnamaíocht agus fuair mé torthaí maithe inti. Bhí suim agam chomh maith a bheith i mo dhlíodóir. Mar sin, bhí an cúrsa seo an-oiriúnach dom.

Níor bhain mé sult as na gnéithe den chúrsa a bhain leis an bpolaitíocht agus, le linn na 4 bliana, tharraing an eacnamaíocht m'aird. In 2014, bhog mé go Beirlín chun Erasmus a dhéanamh agus chaith mé bliain ag staidéar sa Scoil Eacnamaíochta agus Dlí i mBeirlín.

Bhain mé an-sult as a bheith i mo chónaí i mBeirlín, ba cheann de na cinntí ab fhearr a rinne mé é sin. Bhain mé céim amach in 2016 agus chuaigh mé ar aghaidh chun mo mháistreacht a dhéanamh i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, san Eacnamaíocht agus san Fhorbairt Ghnó.



Chuala mé faoi phoist sa státseirbhís ar dtús ó ollamh nuair a bhí céim mháistreachta á déanamh agam. Roimhe sin, níor smaoinigh mé ar a bheith ag obair sa státseirbhís. Cheap mé nach mbeadh cead ag daoine de dhath, cosúil liomsa, a bheith ag obair in earnáil den chineál sin.

Le linn mo mháistreachta, d'oibrigh mé ar thionscadal do Chomhairle Cathrach Chorcaí. Bhain mé an-sult as a bheith ag obair ar an tionscadal, mar bhí sé dírithe go mór ar dhaoine. Fuair mé taithí phearsanta ar an gcaoi ar féidir le hanailís eacnamaíoch tionchar a imirt ar shaol dhaoine. Tá an tuiscint atá agam ar an gcaoi ar féidir liom tionchar a imirt tríd an obair a dhéanaim an-tábhachtach dom.

Thosaigh mé ag obair sa státseirbhís in 2018 agus d'oibrigh mé san Aonad um Bhainistíocht agus um Mheasúnú Lárnach Caiteachais sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.



Sa ról seo, bhí an deis agam oibriú ar 3 Bhuiséad agus ar 3 Athbhreithniú Caiteachais. Ina theannta sin, bhí mé in ann 2 pháipéar taighde a thabhairt, a chuir le plé maidir le polasaithe.

Toisc go bhfuil an earnáil phoiblí chomh mór sin, bíonn an deis agat bogadh timpeall agus rudaí nua a fhoghlaim. Le linn na tréimhse atá caite agam sa státseirbhís, tá mé tar éis a lán scileanna nua a fhorbairt. Sa mheánscoil, bhí mé an-chúthail agus bhí an ghráin agam ar chuir i láthair, ach anois tagann siad go réidh liom.

Dá mbeadh an deis agam dul ar ais agus comhairle a thabhairt dom féin, déarfainn: "Ná bíodh imní ort agus ná cuir brú ort féin, mar éireoidh leat ar deireadh." Déarfainn léi gur chóir di sult a bhaint as saol na hollscoile agus páirt a ghlacadh i gclubanna agus i gcumainn éagsúla. Déarfainn léi chomh maith nár chóir go mbeadh imní uirthi faoi bhotúin, mar go bhfoghlaimíonn muid na ceachtanna is fearr ó na botúin a dhéanann muid.

# Sonraí an Phoist – Eacnamaí (Oifigeach Riaracháin)

poistphoiblí publicjobs

| | |
|---|---|
| ROINN | An Roinn Oideachais Faigh tuilleadh eolais anseo |
| TUARASTAL | Ag tosú ar €34,618 sa bhliain *is féidir go n-athrófaí é seo |
| CUR SÍOS AR AN RÓL | Tá a lán réimsí éagsúla sa Roinn Oideachais, agus is earnáil an-éagsúil é le bheith ag obair inti mar thoradh. D'fhéadfadh go mbíonn iad siúd a n-oibríonn sa Roinn ag obair ar an líne thosaigh gach lá, ar nós múinteoirí, léachtóirí, cúntóirí riachtanais speisialta, feitheoirí, agus scrúdaitheoirí. Mar sin féin, bíonn a lán daoine eile ag obair sa chúlra chun cur le reáchtáil an chórais oideachais. Bíonn eacnamaithe cosúil le Victoria san áireamh sa chás seo! Tá róil le haghaidh Eacnamaithe/Anailísí Polasaí Céimí i ngach Roinn Rialtais. Braitheann an obair ar riachtanais na roinne, ach clúdaíonn sé na réimsí seo a leanas go ginearálta:<br><br>• Cur le forbairt polasaí náisiúnta i go leor réimsí éagsúla;<br>•Sonraí, uirlisí agus teicnící cainníochtúla agus cáilíochtúla, a úsáid chun anailís agus meastóireacht polasaí a dhéanamh;<br>• Cur le breithiúnais agus meastóireachtaí ar réimsí caiteachais suntasacha de réir an Chóid Caiteachais Phoiblí;<br>• Samhaltú agus réamhaisnéisiú geilleagrach;<br>• Cur le faisnéis agus comhairle a thabhairt d'oifigigh sinsearacha agus d'Airí;<br>• Comhairle agus treoir theicniúil a thabhairt chun rialachán éifeachtach a chinntiú |
| RIACHTANAIS IONTRÁLA | · Céim onóracha 2.1 (Leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí) i ndisciplín a bhfuil baint láidir aige le hanailís sonraí ar nós na cinn seo a leanas - Eacnamaíocht, Eolaíocht Shóisialta, Beartas Poiblí, nó Staitisticí<br>NÓ<br>· Cáilíocht ar leibhéal céime máistir (Leibhéal 9 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí) i ndisciplín a bhfuil baint láidir aige le hanailís sonraí ar nós na cinn seo a leanas: Eacnamaíocht, Eolaíocht Shóisialta, Beartas Poiblí, nó Staitisticí<br>AGUS<br>·Léirigh go rathúil na hinniúlachtaí riachtanacha don ról atá leagtha amach i gCreat Inniúlachta poistphoiblí |
| AN PRÓISEAS IARRATAIS | 1. Cláraigh d'fholáirimh maidir le poist ar publicjobs.ie chun a bheith ar an eolas nuair a thagann folúntais chun cinn.<br>2. Cuir iarratas isteach ar Publicjobs.ie roimh an dáta dúnta.<br>3. Ceistneoir Measúnaithe ar Líne.<br>4. Triail(acha) ar líne agus/nó bunaithe ar pháipéar.<br>5. Cur i Láthair/Anailís agus agallamh. |